

## FOLÚNTAS SCOILE: PRÍOMHOIDE CÚNTA II

Is mian le Bord Bainistíochta Ghaelscoil xxx folúntas don phost mar Phríomhoide Cúnta II sa scoil a fhógairt de réir Ciorclán 0044/2019. Feidhmeoidh an té a cheapfar mar bhall lárnach d'fhoireann ceannasaíochta agus bainistíochta na scoile. Déanfar athbhreithniú ar dhualgais an phríomhoide cúnta go rialta agus féadfar iad a athrú ag brath ar riachtanais reatha na scoile.

Seo a leanas na dualgais reatha a leagfar ar an té a cheapfar:

### Dualgais Riaracháin

- Comhoibriú le heagrúchán do chruinnithe foirne, do laethanta pleanála agus d'ócáidí scoile
- Freastal ar chruinnithe rialta leis an bhfoireann in-bhainistíochta
- Pácáiste eolais a eagrú do bhall nua foirne agus do mhic léinn ar thaithí oibre
- Féitheoireacht chlóis a eagrú agus a bhainistiú
- Comheagar a dhéanamh ar chomórtais/thionscnaimh scoile – eolas a scaipeadh agus riarachán d'iontrálacha srl. a dhéanamh

### Dualgais Thréadacha

- Tacú leis an bhfoireann in-bhainistíochta chun sainmheon dearfach foghlamtha a chur chun cinn ar fud na scoile
- Tacú le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair ar fud na scoile
- Bainistíocht ar an seomra foirne: eolas, taispeántais, acmhainní do mhúinteoirí a eagrú
- Comheagar do na Sacraimintí Scoile

### Dualgais Churaclaim

- Freagracht a ghlacadh as gné curaclaim ag freagairt do riachtanais reatha na scoile
  - Athbhreithniú ar an gcur i bhfeidhm ar bhonn scoile
  - Riaradh agus eagrú acmhainní don ghné curaclaim sin
  - Tosaíochtaí scoile i leith an cur i bhfeidhm a imscrúdú agus cur le plean forbartha don ghné sin sa scoil
- Tabhairt faoi mheasúnú agus athbhreithniú ar an bPlean Scoile mar chuid den fhoireann in-bhainistíochta
- Tacú le Próisias Féin-Mheastóireachta Scoile mar chuid den fhoireann in-bhainistíochta

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar an bpost mar Phríomhoide Cúnta II, ba chóir iarratas scríofa (CV agus litir iarratais a léiríonn inniúlacht don phost) a chur chuig an gCathaoirleach ag seoladh na scoile roimh 6.00 i.n. \_\_\_\_\_

Is mise, le meas,

-----  
*Cathaoirleach.*